Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024 (OR. en)**

**10793/24**

**SOC 432**
**EMPL 250**
**ECOFIN 652**
**EDUC 203**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cur chun feidhme an Mholta maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh sa mhargadh saothair - na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta<br>- *Formhuiniú* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh sa mhargadh saothair (IO C 67, 20.2.2016, lgh. 1–5) atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an gcruinniú a bheidh aici an 20 Meitheamh 2024.

Iarscríbhinn 1: Is féidir teacht ar na conclúidí tírshonracha in ADD 1 a ghabhann le 10793/24.
Iarscríbhinn 2: *Data collection for monitoring the LTU Recommendation* [Bailiú sonraí chun faireachán a dhéanamh ar an moladh maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach]: is féidir teacht ar na torthaí ar fad le haghaidh 2022 in ADD 2 a ghabhann le 10793/24.
Iarscríbhinn 3: Tá achoimrí feidhmiúcháin ar chomhaid na mBallstát le fáil in ADD 3 a ghabhann le 10793/24.

**IARSCRÍBHINN**

**Athbhreithnithe na Coiste Fostaíochta ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh sa mhargadh saothair**

**Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta don Chomhairle**

## 1. RÉAMHRÁ

**Tá sé de chúram ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i ndáil le cur chun feidhme an *Mholta ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh sa mhargadh saothair*.** Ó 2016 i leith, tar éis gach athbhreithnithe, tá sraith príomhtheachtaireachtaí arna soláthar ag EMCO ar bhonn an fhaireacháin a dhéanann sí ar an Moladh seo ón gComhairle á formhuiniú ag Comhairle EPSCO. I mí Dheireadh Fómhair 2022, dhírigh na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta ar an dul chun cinn a bhí déanta ag na Ballstáit agus, chomh maith leis sin, pléadh oiliúint a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, ag féachaint ar thrí phríomhghné: cumhdach, maoiniú agus rialachas.

**Rinneadh an cúigiú hathbhreithniú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle an 11-12 Aibreán 2024 sa Bhruiséil agus is é Grúpa Anailíse Beartais EMCO (EMCO PAG) a rinne an t-athbhreithniú sin.** Chomh maith le plé a dhéanamh ar a mhéid atá na treoracha sa Mholadh ón gComhairle curtha san áireamh ag na Ballstáit, breathnaíodh in athbhreithniú 2024 ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le **comhpháirtíochtaí a fhorbairt/a chur ar bun le fostóirí agus le gníomhaithe/páirtithe leasmhara ábhartha eile ar an leibhéal áitiúil** chun imeascadh daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach sa mhargadh saothair a éascú.

**Roimh an athbhreithniú, chuir na Ballstáit ceistneoir féinmheasúnaithe i gcrích arb é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an leibhéal cur chun feidhme atá déanta acu i ndáil leis an Moladh ón gComhairle** trí dhíriú ar cheithre phríomhréimse gníomhaíochta: (a) daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chlárú; (b) comhordú faoi phointe teagmhála aonair; (c) comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost a sheachadadh; agus (d) rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus **béim** ar leith á leagan **ar chomhpháirtíochtaí.**

Tá na príomhtheachtaireachtaí reatha bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, agus tá conclúidí tírshonracha, torthaí an bhailithe sonraí agus achoimrí feidhmiúcháin ar chomhaid na mBallstát i gceangal leo. Tá i gceangal leis an doiciméad sin freisin na torthaí in aghaidh an Bhallstáit ó chleachtadh bailithe sonraí 2023, agus achoimre ar na príomhthorthaí ar leibhéal an Aontais rompu.

## 2. AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA

Tar éis méadú in 2021, lean an líon daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach san Aontas de bheith ag laghdú agus bhí sé níos lú ná 5 mhilliún in 2022, laghdú de bhreis agus 50 % ar ráta na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach le hais an ráta ard a bhí ann in 2013 (ó 5.3 % go 2.3 %). Tá sciar na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach le hais na dífhostaíochta san iomlán ag laghdú freisin go 43.5 %, atá beagnach 6 phointe céatadáin níos lú ná mar a bhí in 2013.

### A. CLÁRÚCHÁN

**Ó bhí paindéim COVID-19 ann, tá níos mó béime á cur ag na Ballstáit ar sheirbhísí a dhigitiú (clárú ar líne, tacaíocht ar líne, etc.).** Mar sin féin, tá dúshláin fós roimh dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach maidir le rochtain a fháil ar ríomhsheirbhísí - go háirithe iad siúd a bhfuil scileanna TFC níos ísle acu. Dá bhrí sin, tá idirghníomhaíochtaí duine le duine fós á moladh ag Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, mar go bhfuil siad níos éifeachtúla do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Tá gníomhaíochtaí for-rochtana curtha chun feidhme ag a lán Ballstát chun clárú daoine fásta neamhghníomhacha a spreagadh (chuir an chuid is mó de na Ballstáit arís eile leis na bealaí chun an clárú tosaigh a dhéanamh ó bhí paindéim COVID-19 ann, cuir i gcás ríomhsheirbhísí, go pearsanta, ar an bhfón nó ar na meáin shóisialta). Mar sin féin, tá dúshláin fós roimh na Ballstáit sin a bhfuil éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha iontu.

Fós féin, tá moill ag teacht ar an traschlárú idir seirbhísí dífhostaíochta sna Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus seirbhísí sóisialta in ainneoin na ndreasachtaí láidre a thug formhór na mBallstát isteach. Trí thraschlárú a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, d'fhéadfaí na cásanna agus na staideanna is criticiúla a gcaithfear déileáil leo a shainaithint. Ar an taobh dearfach de, tá níos mó forálacha á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun díchlárú a dhíspreagadh nuair a ídítear na sochair dhífhostaíochta agus shóisialta.

## B. <u>POINTE TEAGMHÁLA AONAIR</u>

**Tá pointe teagmhála aonair sainaitheanta go cuid mhaith Ballstát do gach tairbhí de chomhaontú maidir le himeascadh gairmiúil, agus cuirtear cásoibrí do gach duine atá dífhostaithe go fadtéarmach.** I roinnt mhaith Ballstát, cuireadh le hacmhainneacht na bpointí teagmhála aonair faisnéis aonair a chomhthiomsú chun tacú leis an measúnú aonair do gach cuardaitheoir poist.

Tá méadú tagtha freisin ar dhigitiú na seirbhísí do dhaoine dífhostaithe. Mar sin féin, sainaithníodh comhroinnt faisnéise agus sonraí mar ghnéithe atá in easnamh, rud a chuireann bac ar dhul chun cinn nó ar cháilíocht na seirbhísí. Ba cheart feabhas ar chomhordú idir na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta lárnacha agus áitiúla agus bardais a threisiú mar aon leis na sásraí chun faisnéis ábhartha maidir le folúntais, deiseanna oiliúna agus na seirbhísí atá ar fáil do gach duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a tharchur/a chomhroinnt idir soláthraithe seirbhíse. Tá fadhb fós ag na Ballstáit maidir le faisnéis a mhalartú agus a aistriú ar bhealach leordhóthanach agus lena áirithiú go gcloífí leis an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

## C. COMHAONTÚ MAIDIR LE HIMEASCADH I BPOST

**Tá comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost, nó a gcoibhéis, á gcur chun feidhme i bhformhór na mBallstát ó 2018 ach tá feabhas fós á chur orthu.**

Rinneadh feabhsuithe ar an obair leantach ar mheasúnuithe aonair, agus tugadh treoir agus faisnéis maidir le tairiscintí poist agus tacaíocht, chomh maith le faireachán agus nuashonruithe rialta ar chomhaontuithe maidir le himeascadh i post agus ar shocruithe lenar féidir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann cuardaitheoirí poist i dtreo ath-imeascadh. Mar sin féin, tá comhroinnt faisnéise i ndáil le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach idir na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le chomhaontuithe maidir le himeascadh i post fós sách íseal, go háirithe i measc comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha.

## D. RANNPHÁIRTÍOCHT NA BPÁIRTITHE LEASMHARA

**Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an gcomhar idir páirtithe leasmhara éagsúla (e.g. an Aireacht Oideachais, an Aireacht Saothair agus na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, chomh maith le síceolaithe, oibrithe sóisialta agus meantóirí), agus forbairt á déanamh ar na seirbhísí atá dírithe ar fhostóirí, is dúshlán fós í an obair ildisciplíneach leis na páirtithe leasmhara áitiúla uile, lena n-áirítear na fostóirí áitiúla féin, ionaid riaracháin agus an tsochaí shibhialta, agus faoi láthair ní dhéantar í ach i roinnt beag Ballstát.**

Is gnéithe ríthábhachtacha iad líonrú le páirtithe leasmhara, comhpháirtíochtaí a bhunú, agus ról a thabhairt d’fhostóirí, do na seirbhísí sóisialta agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun a áirithiú go ndéanfar daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a athimeascadh go héifeachtach sa mhargadh saothair agus chun cosc a chur ar an bhfostaíocht fhadtéarmach. Tá gá leis na comhpháirtíochtaí sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon, cé gur minic a thagann dúshláin chun cinn ós rud é go mbíonn tosaíochtaí difriúla ag na páirtithe leasmhara éagsúla. Tá éagsúlacht sna Ballstáit maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus maidir le comhpháirtíochtaí a chruthú ar an leibhéal áitiúil.

Tá ról ríthábhachtach ag na heintitis sin maidir le haghaidh a thabhairt ar na bacainní atá roimh roinnt daoine aonair chun gur féidir leo imeascadh sa mhargadh saothair go buan. I roinnt tíortha, ba cheart do na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta cur le rannpháirtíocht na bhfostóirí sna próisis sin. Aithníonn roinnt mhaith Ballstát an tábhacht a bhaineann le líonrú ach bíonn deacrachtaí ann le hacmhainneacht na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ar an leibhéal áitiúil na páirtithe leasmhara uile is gá a rannpháirtiú go héifeachtach.

## E. BAILIÚ SONRAÍ

**Léiríonn torthaí an bhailithe sonraí is déanaí maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nach bhfuil ach dul chun cinn an-teoranta déanta maidir leis an Moladh ón gComhairle a chur chun feidhme, agus nach bhfuil ach leath de na Ballstáit ag comhlíonadh an chéad chuspóir sa Mholadh trí chomhaontú maidir le himeascadh i bpost nó a choibhéis a chur ar fáil do 95 % ar a laghad de líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach atá cláraithe mar a bheith dífhostaithe le 18 mí ar a laghad.**

Léirítear freisin sna sonraí a bailíodh maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach go bhfuil na rátaí aistrithe chuig an bhfostaíocht níos ísle ná mar a bhí an bhliain roimhe sin i gcás gach Ballstáit seachas dhá Bhallstát, agus i mbliana nach raibh ach 14 Bhallstát in ann sonraí a sholáthar maidir le cásanna leantacha inar fhág daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach na comhaontuithe sin.

Chomh maith leis sin, áfach, deimhnítear leis na sonraí leantacha sin an fhianaise a aimsíodh roimhe seo go mbaineann an grúpa Ballstát a chuireann pleananna gníomhaíochta aonair ar fáil ina ndéantar grinnmheasúnú torthaí i bhfad níos fearr amach i gcomparáid leis an ngrúpa a chuireann fíorchomhaontuithe maidir le himeascadh i bpost ar fáil, agus go háirithe i gcomparáid leis an ngrúpa a chuireann pleananna gníomhaíochta aonair ar fáil go rialta, rud a thugann le tuiscint go bhfuil comhairleoireacht aonair ríthábhachtach i dtaca le himeascadh daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

## 3. CONCLÚIDÍ

Cé go bhfuil laghdú ag teacht uirthi, is fadhb fhorleathan fós í an dífhostaíocht fhadtéarmach i roinnt Ballstát, rud a chuireann leis an mbaol go dtiocfaidh meath ar scileanna, ar eisiamh sóisialta agus ar an mbochtaineacht. Ó tharla go mbaineann an fhadhb le daoine sna cásanna is leochailí agus leis na grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair, cabhraítear leis an neamhionannas a chomhrac agus leis an gcomhtháthú sóisialta san Aontas a neartú trí dhul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach. **Sa chomhthéacs sin, choinnigh na Ballstáit a ngealltanas polaitiúil i ndáil leis an Moladh maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chuimsiú sa mhargadh saothair a chur chun feidhme. Mar sin féin, cé go bhfuil roinnt forbairtí coiteanna le feiceáil, níl comhleanúnachas ann maidir leis an leibhéal cur chun feidhme idir na Ballstáit agus feictear san fhéinmheasúnú a rinne siad go bhfuil moill tagtha ar an dul chun cinn maidir leis an Moladh ón gComhairle a chur chun feidhme le blianta beaga anuas.** I bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair, ba cheart béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé na scileanna iomchuí a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó iad a oiliúint arís chun dul isteach sa mhargadh saothair. Tá tacaíocht luath thráthúil, mar chuid de chur chuige coisctheach níos ginearálta, ríthábhachtach freisin chun nach mbeidh daoine dífhostaithe go fadtéarmach. Tacaíonn torthaí an athbhreithnithe i gcónaí leis an tábhacht a bhaineann le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair chun go n-éireoidh le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach athimeascadh sa mhargadh saothair. Chomh maith leis sin, i bhfianaise na nganntanas saothair agus scileanna atá sna Ballstáit uile faoi láthair, tá sé tábhachtach daoine sna cásanna is leochailí agus an grúpa faoi ghannionadaíocht a chumhachtú chun go n-éireoidh leo dul isteach sa mhargadh saothair trína áirithiú gur féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta agus oiliúna ar ardchaighdeán, agus as fóirdheontais fostaíochta spriocdhírithe.

Is gá feabhas a chur ar na córais faireacháin agus meastóireachta atá sna beartais a chuirtear chun feidhme chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh sa mhargadh saothair. Cé gur cuireadh go leor clár gníomhachtaithe do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach i bhfeidhm, i gcásanna áirithe ní féidir éifeachtacht na gclár sin a mheasúnú go dtí níos déanaí.

Iarscríbhinn 1. Conclúidí Tírshonracha 2024 ó EMCO PAG maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach
Iarscríbhinn 2. Bailiú sonraí chun faireachán a dhéanamh Moladh 2023 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach - torthaí iomlána
Iarscríbhinn 3. Comhaid ó Bhallstáit an Aontais 2023 – achoimrí feidhmiúcháin